C/2024/1048

9.2.2024

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Creat Frithéillithe an Aontais Eorpaigh

(C/2024/1048)

Rapóirtéir ginearálta:	Jean-Luc Vanraes (BE/Renew Europe), comhalta de Chomhairle Bardais Uccle
Doiciméid tagartha:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle COM(2023) 234 final Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an troid in aghaidh an éillithe JOIN(2023) 12 final

I. **MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE**

COM(2023) 234 final

Leasú 1

Aithris 24

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Féadfaidh díolúine nó cosaint dlí a bheith ag Feisirí Parlaiminte agus oifigigh phoiblí eile ar imscrúdú nó ionchúiseamh, rud a chuidíonn lena neamhspleáchas a neartú trína gcosaint ar ghearáin gan bhunús, go háirithe maidir le tuairimí a chur in iúl nó vótaí a chaitheamh le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna. Mar sin féin, féadfaidh na díolúintí sin cur isteach ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach na gcionta coiriúla, lena n-áirítear trí dhifear a dhéanamh do bhrath agus imscrúdú nó ionchúiseamh daoine eile nach bhfuil díolúine acu agus a bhféadfadh páirt a bheith glactha sa chion acu. Thairis sin, má chuirtear díolúine i bhfeidhm gan nósanna imeachta iomchuí chun díolúine a ardú i gcásanna ina bhfuil foras amhrais ann gur glacadh páirt i ngníomhartha coiriúla, déantar dochar d'inchreidteacht institiúidí poiblí leis sin. Dá bhrí sin, ba cheart cothromaíocht iomchuí a bheith ann idir, ar thaobh amháin, aon díolúine nó pribhléid dhlínsiúil a thugtar d'oifigigh phoiblí le haghaidh gníomhartha a dhéantar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, agus ar an taobh eile, an fhéidearthacht a bhaineann le cionta éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú go héifeachtach.	Féadfaidh díolúine nó cosaint dlí a bheith ag Feisirí Parlaiminte agus oifigigh phoiblí eile ar imscrúdú nó ionchúiseamh, rud a chuidíonn lena neamhspleáchas a neartú trína gcosaint ar ghearáin gan bhunús, go háirithe maidir le tuairimí a chur in iúl nó vótaí a chaitheamh le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna. Mar sin féin, féadfaidh na díolúintí sin cur isteach ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach na gcionta coiriúla, lena n-áirítear trí dhifear a dhéanamh do bhrath agus imscrúdú nó ionchúiseamh daoine eile nach bhfuil díolúine acu agus a bhféadfadh páirt a bheith glactha sa chion acu. Thairis sin, má chuirtear díolúine i bhfeidhm gan nósanna imeachta iomchuí chun díolúine a ardú i gcásanna ina bhfuil foras amhrais ann gur glacadh páirt i ngníomhartha coiriúla, déantar dochar d'inchreidteacht institiúidí poiblí leis sin. Dá bhrí sin, ba cheart cothromaíocht iomchuí a bheith ann idir, ar thaobh amháin, aon díolúine nó pribhléid dhlínsiúil a thugtar d'oifigigh phoiblí le haghaidh gníomhartha a dhéantar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, agus ar an taobh eile, an fhéidearthacht a bhaineann le cionta éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú go héifeachtach***, má tá agus fad atá sé sin i gcomhréir le córas dlíthiúil agus bunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann***.

Cúis

Ní mór na socruithe sin a bheith i gcomhréir le struchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla na mBallstát i gcónaí.

Leasú 2

Aithris 33

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach, tá ríthábhacht le malartú faisnéise éifeachtúil idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cionta éillithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ba cheart don Treoir seo, arb é is aidhm di sainmhínithe coiteanna ar chionta éillithe a leagan síos, fónamh mar thagarmharc le haghaidh malartú faisnéise agus comhair idir na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Threoracha (AE) XX/2023[52], (AE) 2019/1153[53], (AE) 2016/681[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (AE) 2018/1240[55], (AE) 2018/1862[56] agus (AE) 603/2013[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle[58].	Chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach, tá ríthábhacht le malartú faisnéise éifeachtúil idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cionta éillithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil ***idir na húdaráis inniúla chónaidhme, stáit, réigiúnacha agus áitiúla laistigh de Bhallstát, agus idir na húdaráis sin agus údaráis na mBallstát eile*** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ba cheart don Treoir seo, arb é is aidhm di sainmhínithe coiteanna ar chionta éillithe a leagan síos, fónamh mar thagarmharc le haghaidh malartú faisnéise agus comhair idir na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Threoracha (AE) XX/2023[52], (AE) 2019/1153[53], (AE) 2016/681[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (AE) 2018/1240[55], (AE) 2018/1862[56] agus (AE) 603/2013[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle[58].

Cúis

Chun gur féidir cur chuige comhtháite a ghlacadh chun an t-éilliú a chomhrac, is gá faisnéis a mhalartú ní hamháin idir na Ballstáit ach freisin laistigh de na Ballstáit i gcaoi is go gcuirtear cumhachtaí ábhartha de chúram ar na rialtais réigiúnacha nó áitiúla, agus idir rialtais fhonáisiúnta den sórt sin i mBallstáit éagsúla, go háirithe i gcás éilliú trasteorann.

Leasú 3

Airteagal 2

Sainmhínithe

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:	Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
1 .le ‘cosc an éillithe’ tagraítear do bhrath agus díothú chúiseanna agus dhálaí an éillithe, trí chóras beart iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon le díspreagadh ó ghníomhartha a bhaineann leis an éilliú.	1. le ‘cosc an éillithe’ tagraítear do bhrath agus díothú chúiseanna agus dhálaí an éillithe, trí chóras beart iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon le díspreagadh ó ghníomhartha a bhaineann leis an éilliú.
2 .ciallaíonn ‘maoin’ cistí nó sócmhainní de chineál ar bith, bídís corprach nó neamhchorprach, sochorraithe nó dochorraithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dlí nó ionstraimí dlí i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear foirm leictreonach nó foirm dhigiteach, lena bhfianaítear teideal ar na sócmhainní sin, nó leas iontu.	2. ciallaíonn ‘maoin’ cistí nó sócmhainní de chineál ar bith, bídís corprach nó neamhchorprach, sochorraithe nó dochorraithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dlí nó ionstraimí dlí i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear foirm leictreonach nó foirm dhigiteach, lena bhfianaítear teideal ar na sócmhainní sin, nó leas iontu.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
3. ciallaíonn 'oifigeach poiblí':	3. ciallaíonn 'oifigeach poiblí':
(a) oifigeach de chuid an Aontais nó oifigeach náisiúnta de chuid Ballstáit nó tríú tír,	(a) oifigeach de chuid an Aontais nó oifigeach náisiúnta de chuid Ballstáit nó tríú tír, ***cibé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha nó tofa, buan nó sealadach, íoctha nó neamhíoctha;***
(b) aon duine eile dá sanntar agus a fheidhmíonn feidhm seirbhíse poiblí ***sna Ballstáit*** nó i dtríú ***tíortha***, ***le haghaidh eagraíocht idirnáisiúnta nó le haghaidh cúirt idirnáisiúnta.***	(b) aon duine eile dá sanntar agus a fheidhmíonn feidhm seirbhíse poiblí ***i mBallstát*** nó i dtríú ***tír***, ***dá dílsíodh údarás poiblí nó atá faoi réir rialú nó maoirseacht údarás poiblí;***
	(c) ***aon duine atá ag obair i bhfiontair atá faoi úinéireacht an rialtais stáit, an rialtais réigiúnaigh nó an rialtais áitiúil, nó i bhfondúireachtaí bainistíochta sócmhainní agus i gcuideachtaí atá faoi úinéireacht phríobháideach a fheidhmíonn feidhmeanna seirbhíse poiblí;***
	(d) ***aon duine eile dá sanntar agus a fheidhmíonn feidhm seirbhíse poiblí le haghaidh eagraíocht idirnáisiúnta nó le haghaidh cúirt idirnáisiúnta.***
4. ciallaíonn 'oifigeach de chuid an Aontais' duine:	4. ciallaíonn 'oifigeach de chuid an Aontais' duine:
(a) is comhalta d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus foireann na gcomhlachtaí sin, déanfar iad a chomhshamhlú ina n-oifigigh de chuid an Aontais.	(a) is comhalta d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus foireann na gcomhlachtaí sin, déanfar iad a chomhshamhlú ina n-oifigigh de chuid an Aontais.
(b) is oifigeach nó fostaí eile a fhostaíonn an tAontas faoi chonradh de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ('na Rialacháin Foirne');	(b) is oifigeach nó fostaí eile a fhostaíonn an tAontas faoi chonradh de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ('na Rialacháin Foirne');
(c) a dtugann Ballstát nó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach ar iasacht é nó í don Aontas, a chuireann feidhmeanna i gcrích atá coibhéiseach leo siúd a dhéanann oifigigh nó seirbhísigh eile de chuid an Aontais.	(c) a dtugann Ballstát nó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach ar iasacht é nó í don Aontas, a chuireann feidhmeanna i gcrích atá coibhéiseach leo siúd a dhéanann oifigigh nó seirbhísigh eile de chuid an Aontais.
5. ciallaíonn 'oifigeach náisiúnta' aon duine atá i seilbh oifig feidhmiúcháin, riaracháin nó bhreithiúnach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, cé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha nó tofa, cé acu atá nó nach bhfuil sé buan nó sealadach, cé acu atá nó nach bhfuil sé íoctha nó neamhíoctha, gan beann ar shinsearacht an duine sin. Aon duine atá i seilbh oifig reachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil meastar gur oifigeach náisiúnta é chun críoch na Treorach seo.	5. ciallaíonn 'oifigeach náisiúnta' aon duine atá i seilbh oifig feidhmiúcháin, riaracháin nó bhreithiúnach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, cé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha nó tofa, cé acu atá nó nach bhfuil sé buan nó sealadach, cé acu atá nó nach bhfuil sé íoctha nó neamhíoctha, gan beann ar shinsearacht an duine sin. Aon duine atá i seilbh oifig reachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil meastar gur oifigeach náisiúnta é chun críoch na Treorach seo.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
6. le 'sárú dualgais' cumhdaítear ar a laghad aon iompraíocht mhídhílis ar sárú ar dhualgas reachtúil í, nó, de réir mar a bheidh, ar sárú ar rialacháin nó treoracha gairmiúla í, ag a bhfuil feidhm laistigh de ghnólacht duine a stiúrann eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a oibríonn di, agus sin in aon cháil.	6. le 'sárú dualgais' cumhdaítear ar a laghad aon iompraíocht mhídhílis ar sárú ar dhualgas reachtúil í, nó, de réir mar a bheidh, ar sárú ar rialacháin nó treoracha gairmiúla í, ag a bhfuil feidhm laistigh de ghnólacht duine a stiúrann eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a oibríonn di, agus sin in aon cháil.
7. ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ach amháin Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus eagraíochtaí poiblí idirnáisiúnta.	7. ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ach amháin Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus eagraíochtaí poiblí idirnáisiúnta.
8. is é atá i gceist le 'oifigigh ardleibhéil' cinn stáit, cinn de rialtas láir agus réigiúnach, comhaltaí de rialtas láir agus réigiúnach, mar aon le ceapaithe polaitiúla eile atá i seilbh oifig phoiblí ardleibhéil amhail leas-airí, rúnaithe stáit, cinn agus comhaltaí d'oifig phríobháideach aire, agus oifigigh shinsearacha pholaitiúla, mar aon le comhaltaí de sheomraí tionóil parlaiminteacha, comhaltaí de na Cúirteanna is airde, amhail Cúirteanna Bunreachtúla agus Uachtaracha, agus comhaltaí d'Uasfhorais Iniúchóireachta.	8. is é atá i gceist le 'oifigigh ardleibhéil' cinn stáit, cinn de rialtas láir agus réigiúnach, comhaltaí de rialtas láir agus réigiúnach, mar aon le ceapaithe polaitiúla eile atá i seilbh oifig phoiblí ardleibhéil amhail leas-airí, rúnaithe stáit, cinn agus comhaltaí d'oifig phríobháideach aire, agus oifigigh shinsearacha pholaitiúla, mar aon le comhaltaí de sheomraí tionóil parlaiminteacha, comhaltaí de na Cúirteanna is airde, amhail Cúirteanna Bunreachtúla agus Uachtaracha, agus comhaltaí d'Uasfhorais Iniúchóireachta.

Cúis

Is é a dhéantar leis an leasú go gcuirtear an sainmhíniú i gcomhréir le haithris 9 den togra.

Leasú 4

Airteagal 5

Acmhainní

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh, maidir leis na húdaráis náisiúnta atá inniúil sna cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, a dhéanfar líon leordhóthanach foirne cáilithe a sholáthar dóibh go leanúnach mar aon leis na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá le haghaidh fheidhmíocht éifeachtach a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh, maidir leis na húdaráis náisiúnta***, réigiúnacha agus áitiúla*** atá inniúil sna cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, a dhéanfar líon leordhóthanach foirne cáilithe a sholáthar dóibh go leanúnach mar aon leis na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá le haghaidh fheidhmíocht éifeachtach a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo.

Cúis

Is é is aidhm don leasú a léiriú go ndéantar na cumhachtaí ábhartha a chineachadh do na leibhéil fhonáisiúnta i roinnt Ballstát.

Leasú 5

Airteagal 7

Breabaireacht san earnáil phoiblí

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil***, nuair a dhéantar d'aon ghnó é***:	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil:
(a) buntáiste d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'oifigeach poiblí le ***haghaidh*** an oifigigh sin nó ***le haghaidh*** tríú páirtí chun go ***ngníomhóidh*** an ***t***-oifigeach poiblí nó ***go staonfaidh sé ó ghníomhú i gcomhréir lena dhualgas nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin*** (breabaireacht ghníomhach);	(a) buntáiste d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'oifigeach poiblí le ***leas*** an oifigigh sin nó tríú páirtí chun go ***gcuirfear ina luí ar*** an oifigeach poiblí ***a d(h)ualgas oifigiúil, nó aon ghníomh eile a dhéanfar le linn a d(h)ualgas oifigiúil, a fheidhmiú, sin nó staonadh óna fheidhmiú, ar dhóigh atá contrártha lena f(h)reagrachtaí oifigiúla*** (breabaireacht ghníomhach);
(b) buntáiste d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag oifigeach poiblí, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh buntáiste den sórt sin le ***haghaidh*** an oifigigh sin nó ***le haghaidh*** tríú páirtí, ***chun go ngníomhóidh*** an t-oifigeach poiblí ***nó go staonfaidh sé ó ghníomhú i gcomhréir lena dhualgas nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin*** (breabaireacht éighníomhach).	(b) buntáiste d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag oifigeach poiblí, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh buntáiste den sórt sin le ***leas*** an oifigigh sin nó tríú páirtí, ***i gcomaoin*** an t-oifigeach poiblí sin ***a d(h)ualgas oifigiúil, nó aon ghníomh eile a dhéanfar le linn a d(h)ualgas oifigiúil, a fheidhmiú, sin nó staonadh óna fheidhmiú, ar dhóigh atá contrártha lena f(h)reagrachtaí oifigiúla*** (breabaireacht éighníomhach).

Cúis

Is é a fhéachtar a dhéanamh leis an leasú an sainmhíniú a shoiléiriú ó thaobh na teanga de, ag féachaint do na leaganacha sna teangacha éagsúla de na téacsanna dlí ar a bhfuil an sainmhíniú bunaithe, eadhon Airteagal 3 den Choinbhinsiún arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal K.3(2)(c) den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann, agus Airteagal 4(2)(a) agus (b) de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

Leasú 6

Airteagal 8

Breabaireacht san earnáil phríobháideach

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é agus le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais, gnó nó tráchtála:	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é agus le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais, gnó nó tráchtála:

[1] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO AE L 198, 28.7.2017, lch. 29).

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'aon duine a stiúrann nó a oibríonn in aon cháil le haghaidh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí, le ***haghaidh*** an duine sin nó ***le haghaidh*** tríú páirtí, chun ***go ngníomhóidh*** an duine sin nó ***go staonfaidh sé ó ghníomhú,*** de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht ghníomhach);	(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'aon duine a stiúrann nó a oibríonn in aon cháil le haghaidh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí, le ***leas*** an duine sin nó tríú páirtí, chun ***go gcuirfear ina luí ar*** an duine sin ***gníomh atá de shárú ar dhualgais an duine sin a fheidhmiú*** nó ***staonadh de ghníomh atá*** de shárú ar dhualgais an duine sin ***a fheidhmiú*** (breabaireacht ghníomhach);
(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag duine, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh buntáiste den sórt sin, le ***haghaidh*** an duine sin nó tríú páirtí, le linn dó a bheith ag stiúradh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a bheith ag obair lena aghaidh in aon cháil, ***chun gníomhú*** nó staonadh ó ***ghníomhú,*** de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht éighníomhach).	(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag duine, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh buntáiste den sórt sin ***a ghlacadh***, le ***leas*** an duine sin nó tríú páirtí, le linn dó a bheith ag stiúradh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a bheith ag obair lena aghaidh in aon cháil, ***i gcomaoin gníomh atá de shárú ar dhualgais an duine sin a fheidhmiú*** nó staonadh ***ó ghníomh atá*** de shárú ar dhualgais an duine sin ***a fheidhmiú*** (breabaireacht éighníomhach).

Cúis

Is é a fhéachtar a dhéanamh leis an leasú an sainmhíniú a shoiléiriú ó thaobh na teanga de, ag féachaint do na leaganacha sna teangacha éagsúla den téacs dlí ar a bhfuil an sainmhíniú bunaithe, eadhon Cinneadh Réime 2003/568/CGB ([2]) ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le héilliú a chomhrac san earnáil phríobháideach.

Leasú 7

Airteagal 15a (nua)

Toirmeasc ar phardún agus ar ilphardún

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun pardúin, ilphardúin, agus bearta trócaire a shainiú go soiléir maidir leis na cionta coiriúla atá luaite sa Treoir seo, agus is iad na Ballstáit a chinnfidh cé na sásraí agus na cúinsí a rialófar a gcur i bhfeidhm.

Míniú ar na hathruithe atá beartaithe

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, is faoi na Ballstáit atá sé an cur i bhfeidhm a chinneadh.

Leasú 8

Airteagal 19

Pribhléidí nó díolúine ó chionta éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir pribhléidí nó díolúintí ó imscrúdú agus ionchúiseamh a dheonaítear d'oifigigh náisiúnta, le haghaidh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo, a ardú trí phróiseas oibiachtúil, neamhchlaonta, éifeachtach agus trédhearcach a bheidh réamhbhunaithe le dlí, bunaithe ar chritéir shoiléire, agus a thugtar i gcrích laistigh de thráthchlár réasúnach.	***A fhad agus atá sé sin comhsheasmhach lena gcóras dlí agus lena bprionsabail bhunreachtúla, déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir pribhléidí nó díolúintí ó imscrúdú agus ionchúiseamh a dheonaítear d'oifigigh náisiúnta, le haghaidh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo, a ardú trí phróiseas oibiachtúil, neamhchlaonta, éifeachtach agus trédhearcach a bheidh réamhbhunaithe le dlí, bunaithe ar chritéir shoiléire, agus a thugtar i gcrích laistigh de thráthchlár réasúnach.

([2]) IO L 192, 31.7.2003, lch. 54.

Cúis

I gcomhréir le hAirteagal 4(2) CAE, ní mór do na bearta sin a bheith comhsheasmhach i gcónaí le struchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla na mBallstát.

II. **MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. Is mian le CnaR a chur i bhfáth go bhfuil an comhrac in aghaidh an éillithe ina bhunriachtanas le go bhféadfar an smacht reachta a ráthú. De réir an Eorabharaiméadair speisialta is déanaí maidir leis an éilliú ([3]), thug beagnach an trí cheathrú cuid de mhuintir na hEorpa (74 %) le fios go bhfuil siad den tuairim go bhfuil éilliú á dhéanamh sna hinstitiúidí poiblí náisiúnta ina dtír féin, agus bhí 73 % de mhuintir na hEorpa den tuairim go bhfuil éilliú á dhéanamh sna hinstitiúidí poiblí áitiúla nó réigiúnacha ina dtír féin.

2. Tá CnaR ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar an mbagairt sin ar gach leibhéal rialachais – áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach —, óir teastaíonn ó na saoránaigh go mbeadh ardchaighdeáin ionracais ag oifigigh phoiblí. Tá foláireamh á thabhairt aige go ndéanann cásanna éillithe ar leibhéal an Aontais dochar as cuimse do mhuinín an phobail as na hinstitiúidí AE.

3. Meabhraíonn CnaR gur thug gach Ballstát, nuair a d'aontaigh siad leis an Aontas Eorpach, gealltanas ina leith sin, ós rud é gur réamhriachtanais a thagann faoi cheanglas an smachta reachta i gcritéir Chóbanhávan iad institiúidí daonlathacha cobhsaí agus dea-fheidhmiúla, breithiúna neamhspleácha, an urraim do chearta an duine, agus an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus go ndéantar na tíortha uile is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas a thomhas de réir na réamhriachtanas sin.

4. Athdhearbhaíonn CnaR go bhfuil an rialachas áitiúil agus réigiúnach agus an daonlathas san Eoraip faoi mhórbhagairt an éillithe agus nach féidir luachanna daonlathacha na hEorpa agus feidhmiú agus fás sláintiúil an Mhargaidh Aonair Eorpaigh a chosaint gan an t-éilliú a chomhrac.

5. Meabhraíonn CnaR go bhfuil sé tugtha le fios ag daoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin ina bhfuil ardleibhéal éillithe nach mbíonn siad chomh sásta céanna lena saol, ar an meán, agus a bhíonn daoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin eile, ainneoin nach bhfuil aon difríocht eile eatarthu. Aithníonn CnaR an tionchar suntasach atá ag an éilliú ar na réigiúin bheagfhorbartha; cuireann sé bac ar chur chun cinn na réigiún sin agus cuireann sé leis na neamhionannais atá iontu cheana. Leis sin, tá sé á chur i bhfáth aige go dteastaíonn tionscnaimh spriocdhírithe frithéillithe sna réigiúin bheagfhorbartha chun an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.

6. Tá CnaR i bhfabhar an chuspóra ghinearálta atá leis an togra atá ullmhaithe ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh treoir maidir leis an éilliú a chomhrac, is é sin an reachtaíocht ábhartha a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát. Tá an togra ag teacht, mar is ceart, le hAirteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina n-áirítear an t-éilliú mar choir Eorpach a thagann faoi réimse na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi, ar réimse é sin inar féidir leis an Aontas, in imthosca áirithe, rialacha íosta a bhunú. Agus an t-éilliú de chineál agus go ngabhann gné thrasteorann leis, agus á chur san áireamh go bhfuil éagsúlacht an-mhór idir raon feidhme an dlí choiriúil ó Bhallstát go chéile, is gá an comhar a neartú agus caighdeáin chomhchoiteanna a leagan síos don Aontas ar fad. Ar an gcaoi chéanna, aithníonn CnaR go mbeidh cur chun feidhme iomlán na treorach sa dlí coiriúil náisiúnta ina phróiseas deacair a mhairfidh i bhfad.

7. Á chur san áireamh go mbaineann an t-éilliú an bonn den daonlathas Eorpach agus de shláine toghchán ar gach leibhéal rialtais, tá CnaR den tuairim gur rud maith é an smachtbhanna breise atá molta sa treoir, is é sin díothú an chirt chun seasamh i dtoghcháin ar bhonn sainmhíniú comhchoiteann uile-Aontais ar an rud is éilliú ann, agus gur cheart glacadh leis ar an mbonn sin, go mór mór ós rud é nach gcuirtear de cheangal ar an reachtóir náisiúnta faoin togra ach foráil do chás inar ghá na smachtbhannaí agus na bearta breise nó malartacha sin a liostaítear in Airteagal 15(4) a chur i bhfeidhm.

8. Baineann gné thrasnáisiúnta leis an éilliú agus is mó sa mhó a bhíonn sé nasctha leis an gcoireacht eagraithe trasteorann. Ina fhianaise sin, agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh, níl aon amhras ar CnaR ach gur fearr gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ná gníomhaíocht na mBallstát aonair. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ina theannta sin, tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta sa mhéid agus nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil agus chun oibleagáidí agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Thairis sin, toisc gur togra le haghaidh treorach atá ann, tugann sé saoirse leordhóthanach do na Ballstáit maidir lena chur chun feidhme.

([3]) Suirbhé Eorabharaiméadair, Iúil 2023 – *Citizens' attitudes towards corruption in the EU in 2023* (https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2658).

9. Meabhraíonn CnaR go bhfuil ionstraimí cuimsitheacha ann cheana ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun an t-éilliú a chomhrac ach go bhfuil bac fós ar éifeachtacht na n-ionstraimí sin mar gheall ar bhearnaí sa chur chun feidhme agus san fhorfheidhmiú agus ar bhacainní ar an gcomhar, arb é an rud é a bhfuil gá le tuilleadh iarrachta ina leith.

10. Cuireann CnaR chun suntais a thábhachtaí atá sé an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ([4]) a chur chun feidhme go tráthúil i gcórais dlí na mBallstát, go háirithe maidir leis an gceanglas atá ar ghnóthais tosca rialachais a nochtadh, mar shampla an eitic ghnó a chleachtann siad agus an cultúr corparáideach atá i réim iontu, ar a n-áirítear a mbearta frithéillithe agus frithbhreabaireachta agus an chosaint a thugann siad do sceithirí. Aithníonn CnaR an ról buntábhachtach atá ag an oideachas agus ag cláir athscilithe agus uas-scilithe maidir le luachanna eiticiúla, sláine agus feasacht frithéillithe a chothú i measc na saoránach. Ar an ábhar sin, iarrann sé go méadófaí na hinfheistíochtaí sna tionscnaimh oideachais atá dírithe ar chultúr na sláine agus cultúr na cuntasachta a chur chun cinn.

11. Tacaíonn CnaR leis na hiarrachtaí chun dea-chleachtais a chuireann a lán údaráis áitiúla nó réigiúnacha i bhfeidhm a scaipeadh, go háirithe maidir leis an soláthar poiblí, na caighdeáin trédhearcachta, nochtadh sócmhainní, coinbhleachtaí leasa a chosc agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, chomh maith le rialú an chaiteachais phoiblí. Chuige sin, áitíonn sé gur den ríthábhacht é go gcuirfear doiciméid ar fáil don phobal mar bhealach leis an trédhearcacht agus an chuntasacht a fheabhsú.

12. Tá CnaR ag obair go dlúth leis an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa ar mhaithe leis an éilliú a chomhrac, mar shampla, trí chomhdháil chomhpháirteach a eagrú maidir leis an ról atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus i gcur chun cinn an dea-rialachais.

13. Is mian le CnaR aird a dhíriú ar an gCód Iompair Eorpach a ghlac an Chomhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa do na daoine go léir atá páirteach sa rialachas áitiúil agus réigiúnach (*European Code of Conduct for all Persons Involved in Local and Regional Governance*) óir is eiseamláir den scoth atá ann den chaoi ar féidir an comhrac i gcoinne an éillithe a bheith ina thosaíocht fhadtéarmach ag na rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus a gcomhlachais. I Rún 433(2018) ([5]) ón gComhdháil, iarrtar ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an Cód seo a ghlacadh iad féin nó cóid iompair eile den chineál céanna a tharraingt suas agus a chur chun cinn.

14. Tá CnaR ag iarraidh go n-oibreodh CnaR agus an Chomhdháil le chéile chun an Cód sin a chur chun cinn agus obair a leanann as a dhéanamh trí leas a bhaint as idirphlé bliantúil agus tuarascáil leantach mar uirlis éifeachtach lenar féidir faireachán a dhéanamh ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

15. Molann CnaR do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha machnamh a dhéanamh ar na creataí eitice agus sláine atá acu agus ar an úsáid a bhaintear as raon iomlán gníomhaíochtaí agus uirlisí chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le haon chleachtais a d'fhéadfadh a bheith éillitheach agus chun na hardchaighdeáin eitice a chur in iúl do na saoránaigh.

16. Iarrann CnaR ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha inspioráid a fháil ón gCód agus ó na treoirlínte atá molta ag an gComhdháil agus a straitéisí frithéillithe agus a gcóid iompair a fhorbairt nó a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar na réimsí a leanas: an trédhearcacht agus modhanna oscailte rialachais, coinbhleachtaí leasa agus cliantachas a chosc trí chláir leasanna airgeadais agus neamhairgeadais na n-oifigeach poiblí a choinneáil, cosaint shoiléir a thabhairt do sceithirí chun iompar an tuairiscithe a neartú, an finíochas, an cairdeas fabhair nó an fhabhraíocht a chomhrac, trédhearcacht iomlán na bpróiseas soláthair phoiblí a áirithiú agus mí-úsáid acmhainní riaracháin i bhfeachtais toghcháin a chosc.

17. A mhéid a bhaineann leis an bpróiseas méadaithe, is mian le CnaR a chur i bhfáth go mbraitheann an méid ama atá ag teastáil i dtaca le haontachas tíortha is iarrthóirí leis an Aontas den chuid is mó ar ailíniú le dlí an Aontais atá ann cheana, ar chomhlíonadh an smachta reachta agus ar athchóirithe frithéillithe. Ba cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sna tíortha is iarrthóirí tús áite a thabhairt dá straitéisí frithéillithe féin agus ardchaighdeáin sláine agus trédhearcachta a chur chun cinn sna comhlachtaí poiblí a ndéanann siad bainistíocht agus maoirseacht orthu.

18. Meabhraíonn CnaR go bhfuil an tógáil atá nasctha leis an bhforbairt uirbeach, agus leis an mbainistiú dramhaíola, an bainistiú calafort (lena n-áirítear bagairt an éillithe a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí) agus an soláthar poiblí, i measc na n-earnálacha is mó atá i mbaol an éillithe ar an leibhéal áitiúil agus gur gá aghaidh a thabhairt orthu sin go sonrach trí straitéisí spriocdhírithe frithéillithe. Tá CnaR ag iarraidh go mbunófaí tairseacha inrochtana ar líne sna Ballstáit atá furasta le húsáid ar a gcuirfí faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir le soláthar poiblí buiséid agus caiteachas ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach d'fhonn trédhearcacht a chothú trína chur ar chumas na saoránach grinnscrúdú a dhéanamh ar úsáid cistí poiblí.

([4]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

([5]) https://rm.coe.int/european-code-of-conduct-for-all-persons-involved-in-local-and-regiona/16808d3295

19. Tá moladh mór tuillte ag na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana féin ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun an t-éilliú a chosc agus muinín a chothú sa daonlathas agus sa smacht reachta sna pobail ar fud an Aontais Eorpaigh, e.g. trí choistí sláine a chur ar bun, dea-chleachtais, trédhearcacht, cuntasacht agus grinnscrúdú ar chleachtais infheistíochta agus soláthair a chur chun cinn, sreafaí oibre a dhigitiú, dálaí iomaíochta córa a áirithiú, rialacháin áitiúla a fhorfheidhmiú go cothrom agus seirbhísí poiblí a fheabhsú i gcoitinne.

20. Molann CnaR freisin na tionscnaimh atá á ndéanamh ag an tsochaí shibhialta a raibh tionchar tairbhiúil acu freisin ar chuntasacht na n-údarás poiblí maidir le trédhearcacht an chaiteachais phoiblí. Spreagann CnaR rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iarrachtaí chun an t-éilliú a chomhrac trí chomhar a chothú idir na rialtais áitiúla, an tsochaí shibhialta agus na saoránaigh.

21. Tá CnaR ag iarraidh go dtabharfaí luach saothair iomchuí do mhéaraí agus do chomhairleoirí, go háirithe i mbardais bheaga, chun aitheantas a thabhairt don ról atá acu i bpoist lán-aimseartha ar mhaithe leis an dea-riarachán agus an tsláine sa rialachas a neartú ón mbun aníos.

22. Tá CnaR á chur i bhfáth gur cheart na dearbhuithe maidir le leasanna agus sócmhainní a shimpliú agus a lárú chun an t-ualach riaracháin atá ar na daoine agus na heintitis tuairiscithe a mhaolú, agus go léireodh an rochtain ar na dearbhuithe sin cothromaíocht chúramach idir cosaint an phríobháideachais agus an tsúil atá ag an bpobal leis an trédhearcacht.

23. Tá CnaR á chur i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé tuairisciú leantach rialta a dhéanamh ar na cóid iompair a cuireadh chun feidhme agus go bhfuil gá le hoiliúint rialta agus measúnuithe riosca earnála rialta le haghaidh na n-údarás poiblí agus treoracha maidir leis an gcaidreamh idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Molann sé do na Ballstáit sásraí tuairiscithe caighdeánaithe a bhunú chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na cleachtais trédhearcachta ó earnáil go hearnáil. Ba cheart tuarascálacha trédhearcachta a chur ar fáil go poiblí ar bhealach inar furasta teacht orthu, rud a chuirfeadh ar chumas na saoránach na húdaráis a thabhairt chun cuntais as a gcuid gníomhaíochtaí.

24. Tá CnaR ag iarraidh go dtabharfaí isteach bearta coisctheacha láidre, lena n-áirítear cláir faisnéise agus thaighde a ghabhann leis na bearta sin chun cur le feasacht an phobail.

25. Molann CnaR an ról atá ag na meáin sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus prionsabail na hiriseoireachta freagraí agus an iompair eiticiúil á gcomhlíonadh acu, go háirithe maidir leis an gceart bunúsach chun toimhde na neamhchiontachta. Molann sé réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, amhail ardáin ar líne chun éilliú a thuairisciú, tuairisciú anaithnid a éascú agus feasacht a mhúscailt i measc an phobail ar shaincheisteanna a bhaineann le héilliú.

26. Tá CnaR tiomanta ról gníomhach a imirt i mbunú an Chomhlachta Eitice idirinstitiúidigh agus i bhforbairt rialacha trédhearcachta a bheidh infheidhme ar fud institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais. Tá sé tiomanta tacú le tionscnaimh atá dírithe ar chuntasacht a fheabhsú agus d'iompar eiticiúil laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Molann sé creat cuimsitheach agus aonfhoirmeach a chur ar bun chun sáruithe eitice a thuairisciú agus aghaidh a thabhairt orthu i ngach institiúid AE. Ar an gcaoi sin, d'áiritheofaí go rachfaí i ngleic le gach saincheist sláine ar bhealach comhsheasmhach cothrom.

27. Tá CnaR ag tacú leis an smaoineamh athbhreithniú a dhéanamh ar a Chód Iompair féin mar dhea-shampla den tsláine institiúideach agus den trédhearcacht.

28. Is mian le CnaR a chur in iúl gur mhaith leis páirt a ghlacadh in obair líonra an Aontais Eorpaigh in aghaidh an éillithe atá bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach, toisc go bhfuil sé go mór den tuairim go bhfuil an leibhéal áitiúil agus réigiúnach thar a bheith tábhachtach má táthar chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach.

An Bhruiséil, an 29 Samhain 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO